Seo muid!

This is Art!

RTÉ

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland Programme

Shared Island Initiative

A Ealaíontóirí Óga!
Is féidir iarratas a dhéanamh anois ar This is Art! RTÉ na bliana 2026

THIS IS ART! Táthar ag tabhairt cuireadh d'ealaíontóirí óga a gcuid saothar ealaíne a sheoladh ar aghaidh chuig an gcomórtas ealaíne is iontaí in Éirinn do dhaoine óga. Is féidir le healaíontóirí óga atá 18 mbliana d'aois agus níos óige agus atá ina gcónaí in áit ar bith ar oileán na hÉireann cur isteach ar an gcomórtas, beag beann ar a gcumas ealaíne ná ar a gcúlra. Cuirfear na hiontrálacha ar taispeáint ar líne inár nGailearaí Ealaíne Digiteach TIA! chun ardán a thabhairt don iléagsúlacht agus don chruthaitheacht dhochreidte atá ag ealaíontóirí óga in Éirinn sa lá atá inniu ann. Is é **'SEO MUID!'** téama chomórtas na bliana seo agus táthar ag tabhairt cuireadh duit an ceangal atá agat le daoine, le caidrimh agus le muintearas a phlé i do shaothar. Déan ceiliúradh ar na daoine a bhfuil gean againn orthu, ar na háiteanna is dual dúinn agus ar na hócáidí i gcomhar. Agus cuimhnigh gur iomaí ciall is féidir a bhaint as an bhfocal **"muid"**. D'fhéadfadh do mhuintir, do chairde, do phobal, d'fhoireann, do rang, an cultúr lena mbaineann tú, áit a bhfuil ceangal agat leis, nó fiú domhan nó carachtair shamhalta a bheith i gceist. Beag beann ar an léamh atá agat ar an bhfocal sin, táimid ag iarradh an chiall a bhain tusa as **'SEO MUID!'** a fheiceáil.

1. Cruthaigh

1. CRUTHAIGH do shaothar ealaíne. Is féidir leat meáin nó ábhair ar bith a úsáid chun d'iontráil a cruthú. Cuimhnigh ar an téama, 'Seo Muid' agus bíodh spraoi agat agus tú i mbun do chuid oibre. Ba cheart go dtabharfadh do shaothar ealaíne léargas ort féin agus ar do mheon ar leith.

2. Glac pictiúr

2. TÓG grianghraf de nó déan leagan digiteach de a **SCANADH**. Nuair atá do shaothar ealaíne críochnaithe agat ní mór duit íomhá d'ardchaighdeán a ghlacadh de. Tóg grianghraf ardtaifigh de do shaothar ealaíne nó déan scanadh digiteach de. Ní mór don íomhá a bheith breá soiléir, nach mbeadh aon scáth air ná nach mbeadh aon ní eile idir do shaothar agus an ceamara nó an scanóir nuair a thógtar é. Iarr cúnamh ar mhúinteoir nó ar chaomhnóir nuair atá tú ag scanadh do shaothar ealaíne. Beidh ort réamhrá beag a scríobh agus a chur ar aghaidh le do shaothar ealaíne, tugtar Ráiteas Ealaíontóra air sin. Is ón ráiteas sin a fhaigheann muid amach faoi na hábhair a d'úsáid tú chun do shaothar ealaíne a chruthú, faoin scéal a bhaineann leis an saothar agus faoin ábhar inspioráide a bhí agat agus tú á dhéanamh. Thaitneodh linn na nithe sin a bheith ar eolas againn!

3. Uaslódáil

3. UASLÓDÁIL d'iontráil. Caith súil ar na treoracha atá ar an láithreán gréasáin maidir le hiarratas a dhéanamh. Bí cinnte go bhfaigheann tú cead ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir. Uaslódáil d'iontráil chuig rte.ie/thisisart roimh mheán oíche an 31 Eanáir 2027.

Catagóirí
Déanfaidh Painéal Moltóirí moltóireacht ar an gcomórtas sna catagóirí seo a leanas:

- 7 mbliana d'aois agus níos óige
- 8 - 11 bhliain d'aois
- 16 - 18 mbliana d'aois
- Grúpaí (scoileanna agus grúpaí pobail)

Painéal moltóirí, ar a bhfuil ealaíontóirí agus coimeádaithe gairmiúla, a roghnóidh na saothair ealaíne a bhuafaidh duais agus a gheobhaidh moladh mór.

Fógrófar Buaiteoirí na nDuaiseanna agus na nGradam i Márta 2027.
Roghnófar roinnt saothair ealaíne le cur ar taispeáint ag imeachtaí ar fud na tíre agus ar roinnt ardán meán sóisialta chomh maith. Bronnfar Corn Grand Prix TIA! ar an té a bhainfidh an chéad áit amach i ngach catagóir. Tá duaischiste ina bhfuil níos mó ná €10,000 agus a bheidh le caitheamh ar ábhar ealaíne, imeachtaí foghlama agus dearbháin a bhaineann le healaín i gceist freisin. Téigh chuig ár láithreán gréasáin nó lean muid ar @tia.ie ar Instagram chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi le páirt a ghlacadh.

Déan Iarratas Inniu
rte.ie/thisisart

Is é Meán oíche an
31 Eanáir 2027 an Dáta Deiridh a nGlacfar le hIarratais.

Teagmháil
hello@thisisart.ie

Dála an scéil, más ag lorg ábhar inspioráide atá tú bí cinnte go mbreathnaíonn tú ar This is Art Club! ar RTÉ Player.